An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Príomhfheidhmeannach
cc. An Ceann Airgeadais,

an 27 Eanáir 2021

**Ciorclán Airgeadais 1/2021**
**Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála don Chéad Ráithe in 2021**

D'ordaigh an tAire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mé tagairt a dhéanamh don tarscaoileadh rátaí tráchtála mar gheall ar shrianta COVID-19.

D'fhógair an Rialtas srianta Leibhéal 5 an 30 Nollaig 2020, agus go ndúnfar gnólachtaí neamh-bhunriachtanacha ó scor gnó an 31 Nollaig go dtí an 31 Eanáir 2021. Fógraíodh srianta breise an 6 Eanáir 2021 Chun na srianta seo a thabhairt san áireamh agus chun leanúint leis na tacaíochtaí atá ar fáil d'íocóirí rátaí a sholáthar, agus mar aitheantas ar an tionchar atá á imirt ag an treo a leanann COVID 19 ag gabháil, bainfidh tarscaoileadh breise rátaí tráchtála le gnólachtaí sonraithe sa chéad ráithe in 2021. Tá critéir mhionathraithe ag an tarscaoileadh 3 mhí seo agus scéim ar leith aonair tarscaoilte í dá réir.

**Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta**
Bainfidh tarscaoileadh trí mhí le gnólachtaí incháilithe agus creidmheas in ionad rátaí a bheidh i gceist leis. Is ionann luach an tarscaoilte agus luach 25% den bhille rátaí bliantúil don bhliain 2021. Bainfidh an tarscaoileadh le gnólachtaí a rinne srianta Leibhéal 5 a dhúnadh, nó ar imirt siad drochthionchar orthu, faoi réir luach uasta €160.

I dtaobh cistiú, cur i bhfeidhm agus oibriú, níl aon fhorluí idir an scéim tarscaoilte rátaí a dtugtar cuntas uirthi sa chiorclán seo agus scéim tarscaoilte rátaí 2020 a shonraítear i gciorcláin Airgeadais 11 agus 16 den bhliain 2020.

**Catagóirí Incháilithe**
Seo a leanas na catagóirí fairsinge gnólachtaí a mbaineann an creidmheas in ionad rátaí leo:
- Fáilteachas;
- Fóillíocht;
- Siamsaíocht Ilghnéitheach;
- Miondíol Neamh-Bhunriachtanach (Siopaí agus Trádstóras);
- Aerfoirt;
- Miondíol Bunriachtanach (gan Ollmhargaí Móra a áireamh, atá níos mó ná 500M2);
- Sláinte;
- Garáistí;
- Cúram Pearsanta; agus
- Cúram Leanaí.

**Tá liosta mionsonraithe de chatagóirí incháilithe réadmhaoine san áireamh in Aguisín C.**

**Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90**
Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman Y35 AP90

LGFinance@housing.gov.ie
www.gov.ie/housing

**Catagóirí a Eisiatar**
Seo a leanas na catagóirí fairsinge gnólachtaí **nach** mbaineann an creidmheas in ionad rátaí leo:

- Seirbhís Phoiblí;*
- Réadmhaoin Fholamh (fágtar an réadmhaoin fholamh go léir as an áireamh ón tarscaoileadh, gan eisceacht, faoi mar a bhíonn i gceist de ghnáth maidir le rátaí);*
- Líonraí Fóntas Domhanda atá ar an Liosta Luachála Lárnach;
- Réadmhaoin sa Chatagóir Luachála "Oifig";
- Réadmhaoin sa Chatagóir Luachála "Úsáidí Tionsclaíocha";
- Réadmhaoin sa Chatagóir Luachála "Ilghnéitheach";
- Réadmhaoin sa Chatagóir Luachála "Mianraí";
- Réadmhaoin sa Chatagóir Luachála "Fóntas";
- Ollmhargaí níos mó ná 500M2 (Catagóirí Ollmhargadh 2 agus Ollmhargadh 3);
- Réadmhaoin a bhfuil catagóir luachála "Siopa Ilrannach" ach atá áitithe go páirteach nó go hiomlán ag ollmhargadh a dhíolann bia agus/nó grósaeirí;
- Bainc, Cumainn Foirgníochta agus Comhair Chreidmheasa;
- Déantúsaíocht Cógaisíochta; agus
- Áitreabh ar conradh chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le paindéim COVID 19 don Stát/thar ceann an Stáit, nuair atá cúiteamh á dhéanamh ag an Stát cheana féin do rátaí mar chuid den chonradh idir an t-áititheoir nó an soláthraí seirbhíse agus an Stát.

*Ní cheadaítear an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar réadmhaoin seirbhíse poiblí ná ar réadmhaoin fholamh, ná ní cheadaítear achomhairc ar an gcéanna, faoin gciorclán seo.

Tá roinnt eisceachtaí ann leis na catagóirí fairsinge sa liosta thuas. **Tá liosta mionsonraithe de chatagóirí eisiata ar ceangal in Aguisín D.**

Lena aithint go bhféadfadh go bhfuil íocóirí rátaí, ar imir an phaindéim tionchar trom orthu, fágtha as an áireamh ón tarscaoileadh, cuirtear a mhéid le 7.5% den leithdháileadh foriomlán san áireamh do na híocóirí rátaí seo. Ar an gcaoi chéanna le scéim tarscaoilte 2020, is féidir le híocóirí rátaí a fhágtar as an áireamh teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla lena léiriú gur imríodh tionchar trom orthu, ar bhonn cás ar chás.

**Creidmheas in ionad Rátaí Tráchtála a Riar ag Údaráis Áitiúla**

Cuirfear creidmheasanna in ionad rátaí tráchtála a ghearrtar ar chuntais íocóirí rátaí faoin gciorclán seo i bhfeidhm mar chreidmheas ar na cuntais rátaí don bhliain 2021.

Níl gá le próiseas iarratais. Ba cheart d'údaráis áitiúla creidmheas 100% a ghearradh in ionad rátaí tráchtála go huathoibríoch, ar feadh tréimhse trí mhí, ar aicmí agus catagóirí réadmhaoin inrátáilte áitithe nuair nach bhfuil an gnólacht áitíochta i gcatagóir eisiata.

Ba cheart d'údaráis áitiúla seoladh ríomhphoist ainmnithe nó uimhir ghutháin a sholáthar chun teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí eisiata ar imríodh tionchar trom orthu, chomh maith le dáta deiridh faoinar cheart don ghnólacht teagmháil a bheith déanta aige leis an údarás áitiúil ábhartha. Tá ar ghnólachtaí eisiata a thaispeáint don údarás áitiúil ábhartha gur imríodh tionchar trom orthu. Maidir leis an teagmháil a dhéanann na gnólachtaí siúd, tugtar liosta thíos den chruthúnas tacaíochta leis an tionchar sin a thaispeáint.

I ndiaidh fáltais Aguisín A a fháil agus a phróiseáil (a thagraíonn do chatagóirí atá incháilithe go huathoibríoch), déanfar na suimeanna a éilítear a fhorchúiteamh le húdaráis áitiúla agus tabharfar fógra dóibh ar an gcéanna.

Mar gheall nach féidir luach na n-achomharc bailí a eisítear ó chatagóirí a mheas roimh ré, cuirfear próiseas éagsúil i bhfeidhm maidir le fáltais Aguisín B (a thagraíonn do chatagóirí eisiata). I ndiaidh don Roinn fáltais Aguisín B a fháil, tabharfar fógra d'údaráis áitiúla ar an gcur chuige a bhainfidh le fáltais Aguisín B agus an luach faoi Aguisín B a dhéanfar a fhorchúiteamh do gach údarás áitiúil.

Is tábhachtach nach gcuirtear an tarscaoileadh i bhfeidhm ar chuntais rátaí a chuimsítear i bhfáltais Aguisín B go dtí go bhfuil fógra faoi chur chuige Aguisín B faighte ón Roinn. Tá freagracht ar an údarás áitiúil, laistigh dá limistéar, as a chinntiú nach ndéanann sé creidmheas a leithdháileadh in ionad rátaí tráchtála ar ghnólachtaí sna catagóirí a fhágtar as an áireamh, a sháraíonn luach an leithdháilte ar tugadh fógra di faoi don chuspóir seo.

**Cruthúnas Tacaíochta**

Ar aon dul le cáilitheacht don STSC, ba cheart d'íocóirí rátaí i gcatagóirí a eisiatar a thaispeáint nach mó an láimhdeachas ó ghníomhaíocht an ghnólachta ábhartha i dtréimhse an éilimh ná **25%** den láimhdeachas seachtainiúil, ar an meán, in 2019. **(Tabhair faoi deara tairseach athraithe na cáilitheachta do Scéim Tacaíochta Shrianta Covid (STSC) i gcomparáid leis an Scéim Fóirdheontas Pá Shealadach (an SFPS))**.

Sa chás go n-éilíonn íocóirí rátaí i gcatagóirí a eisiatar cáilitheacht, is féidir leis an údarás áitiúil deimhniú cáilitheachta a lorg trí fhianaise dhoiciméadach. Mura bhfuil údarás áitiúil sásta go dtacaíonn fianaise a sholáthair an t-íocóir rátaí le cáilitheacht, is féidir an creidmheas in ionad rátaí a shiarchoinneáil.

Liostaítear an cruthúnas is féidir a iarraidh sa chomhthéacs seo thíos agus beartaítear go bhfuil siad léiritheach, seachas críochnaitheach. Beidh údaráis áitiúla sásta breithniú a dhéanamh ar fhianaise eile ábhartha a léiríonn go réasúnta go bhfuil cáilitheacht ag na híocóirí rátaí siúd atá i gcatagóirí eisiata don chreidmheas in ionad rátaí.

- Fianaise nach measadh gurbh asraon nó seirbhís miondíola bhunriachtanach an gnó faoinar tugadh ag an réadmhaoin inrátáilte faoi I.R. 701 de 2020 nó I.R. 4 de 2021, agus nach raibh an dara rogha aige ach dúnadh dá bharr.
- Fianaise go rabhthas rannpháirteach san STSC a bhí á oibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- Fianaise gur cuireadh stop leis an bhfostaíocht agus gur íocadh ÍDP le fostaithe.
- Cóipeanna de cháipéisíocht a seoladh chuig institiúid airgeadais mar chuid den idirbheartaíocht a rinneadh ar bhearta faoisimh leis an institiúid airgeadais.
- Cóipeanna de chomhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim chun comhaontú a dhéanamh ar bhearta staonta i dtaobh dliteanais chánach.
- Fianaise go rabhthas ag brath ar Scéim Ráthaíochta Creidmheasa an Rialtais nó ar áiseanna rótharraingthe nó iasachtaí eile ar mhaithe le cuspóirí caipitiúla.

Nuair a bhíonn aon mheasúnú á dhéanamh ar cháilitheacht íocóir rátaí don chreidmheas trí mhí in ionad rátaí, ba cheart d'údaráis áitiúla díriú ar na saghsanna taifid ghnó, agus aird ar chineál agus scála an ghnó a bheadh ar fáil gan stró, de ghnáth, dá leithéid de ghnólacht.

**An Tobhach ar Cheantar Feabhsaithe Gnó (CFG)**
Cé go n-éascaíonn údaráis áitiúla tobhaigh ranníocaíochta CFG a ghearradh agus a bhailiú trí chumhachtaí bailithe rátaí, ní hionann tobhaigh ranníocaíochta CFG agus rátaí. Is é an pobal gnó ábhartha, seachas an rialtas láir nó áitiúil, an páirtí urraíochta le haghaidh scéimeanna CFG. Dá réir, níl tobhaigh ranníocaíochta CFG i dteideal creidmheas in ionad rátaí tráchtála a fháil faoin gciorclán seo.

**Scaipeadh an Chistithe**
Mar gheall gur beart é seo atá cistithe ag an státchiste, bíonn feidhm ag na gnáthriachtanais a bhaineann le cistiú státchiste, Ciorclán 13/2014 an RCPA, san áireamh.

**Deimhniú Luach Creidmheasa in ionad Rátaí Tráchtála a Cuireadh i bhFeidhm**
Beidh ar údaráis áitiúla sonraí a sholáthar faoi chreidmheas in ionad rátaí tráchtála a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir leis an gciorclán seo.

Chuige sin, ba cheart an fhoirm in **Aguisín A**, a thagraíonn do Chreidmheas in ionad Rátaí Tráchtála a ghearr an t-údarás áitiúil i Ráithe 1 2021 ar **chuntais rátaí atá incháilithe go huathoibríoch i gcatagóirí a liostaítear in Aguisín C**, a sheoladh ar ais chuig lgfinance@housing.gov.ie **an 26 Feabhra 2021** nó roimhe sin.

Ba cheart Aguisín B, a thagraíonn do Chreidmheas in ionad Rátaí Tráchtála a ghearr an t-údarás áitiúil i Ráithe 1 2021 ar **chuntais rátaí i gcatagóirí eisiata a liostaítear in Aguisín D**, a léiríonn gur imir srianta COVID-19 tionchar tromchúiseach orthu, a sheoladh ar ais chuig lgfinance@housing.gov.ie **an 31 Márta 2021** nó roimhe sin.

Féach, le do thoil, an cháipéis Cheisteanna Coitianta a ghabhann leis an gciorclán seo chun teacht ar eolas breise agus seol aon cheisteanna a bhaineann leis an gciorclán seo, nach bpléitear sa cháipéis Cheisteanna Coitianta, chuig lgfinance@housing.gov.ie.

Is mise, le meas,

____________________

Lorraine
O’Donoghue,
Príomhoifigeach
Airgeadas Rialtais Áitiúil

## Aguisín A

**Seol é seo ar ais faoin 26 Feabhra 2021, le do thoil.**
**Rátaí Tráchtála a Tharscaoileadh do Ráithe 1 2021**

De bhreis ar na forálacha a dtugtar cuntas orthu i gCiorclán Airgeadais 1/2021 agus sna haguisíní gaolmhara, measann Comhairle _________________________ (iontráil ainm) gurb é seo a leanas an méid **Creidmheasa in ionad Rátaí Tráchtála** a ghearr an t-údarás áitiúil i Ráithe 1 2021, ar chuntais rátaí atá incháilithe go huathoibríoch i gcatagóirí a liostaítear in Aguisín C:

| Creidmheas in ionad Rátaí Tráchtála a Gearradh ar Chuntais Rátaí Tráchtála atá Incháilithe go hUathoibríoch i gCatagóirí a Liostaítear in Aguisín C | Iomlán |
|---|---|
| **Luach an chreidmheasa in ionad rátaí a gearradh ar chuntais rátaí tráchtála atá incháilithe go huathoibríoch i gcatagóirí a liostaítear in Aguisín C*.** | € |
| **Líon iomlán na réadmhaoine rátáilte ar cuireadh an creidmheas in ionad rátaí i bhfeidhm orthu*.** | |

***Is í Aguisín B an fhoirm fáltais le haghaidh tarscaoilte ar chatagóirí a eisiatar a liostaítear in Aguisín D, agus beidh sé le seoladh ar aghaidh ar leithligh ag dáta níos déanaí.**

Deimhním go dtagraíonn na méideanna thuas do chreidmheasanna in ionad rátaí a gearradh don chéad ráithe in 2021, ar íocóirí rátaí incháilithe i gcatagóirí a liostaítear in **Aguisín C** le Ciorclán Airgeadais 1/2021.

Sínithe: ___________________________ Príomhfheidhmeannach Dáta: ________________

Sínithe: ___________________________ Stiúrthóir Seirbhísí Dáta: ________________

**Aguisín B**

**Seol é seo ar ais faoin 31 Márta 2021, le do thoil.**

**Rátaí Tráchtála a Tharscaoileadh do Ráithe 1 2021**

De bhreis ar na forálacha a dtugtar cuntas orthu i gCiorclán Airgeadais 1/2021 agus sna haguisíní gaolmhara, measann Comhairle ________________________ (iontráil ainm) gurb é seo a leanas an méid **Creidmheasa in ionad Rátaí Tráchtála** a ghearr an t-údarás áitiúil i Ráithe 1 2021, ar chuntais rátaí i gcatagóirí a eisiatar a liostaítear in Aguisín D, a léiríonn gur imir srianta COVID-19 tionchar tromchúiseach orthu:

| **Creidmheas in ionad Rátaí Tráchtála a Gearradh ar Chuntais Rátaí Tráchtála i gCatagóirí a Liostaítear in Aguisín D, a Léiríonn gur Imir Srianta COVID-19 Tionchar Tromchúiseach Orthu.** | Iomlán |
|---|---|
| **Luach an chreidmheasa in ionad rátaí a gearradh ar chuntais rátaí i gcatagóirí a eisiatar a liostaítear in Aguisín D, a léiríonn gur imir srianta COVID-19 tionchar tromchúiseach orthu*.** | € |
| **Líon iomlán na réadmhaoine rátáilte ar cuireadh an creidmheas in ionad rátaí i bhfeidhm orthu*.** | |

***Is í Aguisín A an fhoirm fáltais le haghaidh tarscaoilte ar chatagóirí atá incháilithe go huathoibríoch a liostaítear in Aguisín C, agus beidh sé le seoladh ar aghaidh ar leithligh ag dáta níos luaithe.**

Deimhním go dtagraíonn na méideanna thuas do chreidmheasanna in ionad rátaí a gearradh don chéad ráithe in 2021, ar chuntais rátaí i gcatagóirí a eisiatar a liostaítear in **Aguisín D** le Ciorclán Airgeadais 1/2021, a léiríonn gur imir srianta COVID-19 tionchar tromchúiseach orthu.

Sínithe: ___________________________ Príomhfheidhmeannach Dáta: ________________

Sínithe: ___________________________ Stiúrthóir Seirbhísí Dáta: ________________

**<u>Aguisín C</u> Ciorclán**
**Airgeadais 1/2021**
**Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála don Chéad Ráithe in 2021**

| **Catagóirí agus Úsáidí Luachála atá Incháilithe go hUathoibríoch do Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála Trí Mhí Ráithe 1 2021** |
|---|
| |
| **Fáilteachas** |
| ÁRASÁN / ÓSTÁN |
| PÁIRC CHARBHÁN |
| IONAD COMHDHÁLA |
| TEACH AÍOCHTA |
| TEACH AÍOCHTA, BIALANN |
| COIMPLÉASC SAOIRE |
| BRÚ |
| ÓSTÁN |
| ÓSTÁN, CLUB OÍCHE / DIOSCÓ |
| ÓSTÁN, TEACH TÁBHAIRNE |
| ÓSTÁN, IONAD SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA |
| TEACH TÁBHAIRNE |
| TEACH TÁBHAIRNE, TEACH AÍOCHTA |
| TEACH TÁBHAIRNE, SIOPA EISCHEADÚNAIS |
| TEACH TÁBHAIRNE, BIALANN |
| |
| **Fóillíocht** |
| IONAD GNÍOMHAÍOCHTA |
| IONAD GNÍOMHAÍOCHTA, CAIFÉ |
| IONAD SIAMSAÍOCHTA |
| LÁNA BABHLÁLA |
| CASAÍNE |
| PICTIÚRLANN |
| CLUBTHEACH |
| HALLA POBAIL |
| STIÚIDEO DAMHSA |
| IONAD EACHAÍOCHTA, - |
| RAON GAILF |
| IONAD SPÓIRT / IONAD CORPACMHAINNE |
| IONAD OIDHREACHTA / LÉIRITHE |
| MUIRÍNE, - |
| FEIRM OSCAILTE |

…..

| |
|---|
| RÁSRAON (CÚNNA) |
| RÁSRAON (CAPAILL) |
| RÁSRAON (MÓTARFHEITHICLÍ) |
| HALLA SNÚCAIR |
| IONAD SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA |
| STÁBLA |
| STAID |
| STIÚIDEO |
| AMHARCLANN |
| AMHARCLANN, CAIFÉ |
| AMHARCLANN, TEACH TÁBHAIRNE |
| PÁIRC THÉAMA |
| |
| **Siamsaíocht Ilghnéitheach** |
| DÁNLANN EALAÍNE |
| SPÁS IMEACHTAÍ |
| MÚSAEM |
| CÉ / LAMAIRNE |
| |
| **Miondíol Neamh-Bhunriachtanach (Siopaí)** |
| Fochatagóir |
| SIOPA DO DHAOINE FÁSTA |
| EACHTRAÍOCHT / ARM / CAMPÁIL |
| SIOPA SEANDACHTAÍ |
| UMB |
| CEANTÁLAÍ |
| OIFIG GEALLGHLACADÓRA |
| SIOPA LEABHAR |
| SIOPA LEABHAR, SIOPAÍ CAIFE |
| FEISTEAS BRÍDEOIGE / FOIRMIÚIL |
| CAIFÉ |
| CAIFÉ, BIALANN |
| CAIFÉ, BIALANN BEIR LEAT |
| CAIFÉ, IONAD ÓIGE |
| CÁRTAÍ / PÁIPÉARACHAS / CLÓDÓIREACHT |
| SIOPA CARTHANAIS |
| SIOPA ÉADAÍ |
| SIOPA CAIFE, BIALANN BEIR LEAT |
| SIOPA RÍOMHAIRÍ |
| MILSEOGRA |
| SIOPA COSMAIDÍ |

| |
|---|
| SIOPA CEARDAÍOCHTA |
| SIOPA ROTHAR |
| DELICATESSEN |
| SIOPA ILRANNACH* ***Tá réadmhaoin sa chatagóir "Siopa Ilrannach" incháilithe, go ginearálta. Déantar réadmhaoin sa chatagóir seo a oibríonn mar ollmhargadh, nó a dhíolann bia agus/nó grósaeirí A FHÁGÁIL AS AN ÁIREAMH, má tá an t-achar urláir a oibrítear mar ollmhargadh nó ina ndíoltar bia agus/nó grósaeirí 50% nó níos mó den achar urláir iomlán.** |
| SIOPA LASCAINE |
| TIRIMGHLANTÓIRÍ / NEACHTLAINNÍN |
| TIRIMGHLANTÓIRÍ / NEACHTLAINNÍN, CAIFÉ IDIRLÍN |
| LEICTREACH / LEICTREONACH |
| LEICTREACH / LEICTREONACH, IONAD SIAMSAÍOCHTA |
| OIRIÚINTÍ FAISIN |
| BLÁTHADÓIR |
| TROSCÁN |
| SIOPA CLUICHÍ |
| SIOPA GAIRDÍN |
| CRUA-EARRAÍ / DÉAN FÉIN É |
| EARRAÍ TÍ |
| CAIFÉ IDIRLÍN |
| SEODÓIRÍ |
| BOTH |
| SOILSIÚ / LAMPAÍ |
| MARGADH |
| ILGHNÉITHEACH |
| OIRIÚINTÍ MÓTARFHEITHICLÍ |
| CEOL-GLÉASANNA |
| CEOL-CEIRNÍNÍ / DVDANNA / FÍSEÁIN |
| NAÍOLANN (CÚRAM MÁTHAR) |
| SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE |
| SIOPA PEANN |
| SIOPA PEATAÍ |
| SIOPA PRÓISEÁLA GRIANGHRAF |
| BIALANN (TIOMÁIN TRÍD) |
| BIALANN |
| BIALANN, CAIFÉ |
| CEART TRÁDÁLA |
| BEÁR CEAPAIRÍ / SÚNNA |
| BEÁR CEAPAIRÍ / SÚNNA, BIALANN BEIR LEAT |
| DEISIÚ BRÓG / GEARRADH EOCHRACHA |
| SIOPA BRÓG |

| |
|---|
| SIOPA (OIFIGÍ), CEANTÁLAÍ |
| SIOPA (OIFIGÍ), IONAD OILIÚNA |
| SIOPA |
| SIOPA, IONAD SIAMSAÍOCHTA |
| SIOPA, SIOPA EISCHEADÚNAIS |
| SIOPA, OIBREACHA CLÓDÓIREACHTA |
| SIOPA SPÓIRT |
| TÁILLIÚIREACHT, ATHRUITHE, DEISIÚCHÁIN |
| OIFIG TACSAITHE |
| OIFIG TURASÓIREACHTA |
| SIOPA BRÉAGÁN |
| GNÍOMHAIREACHT TAISTIL |
| FEITHICLÍ AR CÍOS |
| SIOPA FÍSEÁN |
| |
| **Miondíol (Trádstóras)** |
| IONAD GNÍOMHAÍOCHTA |
| SIOPA ÉADAÍ |
| LASCAINE |
| LEICTREACH / LEICTREONACH |
| FEARASTÚ |
| CRUA-EARRAÍ |
| EARRAÍ TÍ |
| OIRIÚINTÍ MÓTARFHEITHICLÍ |
| SEOMRA TAISPEÁNTAIS MÓTARFHEITHICLÍ |
| NAÍOLANN (CÚRAM MÁTHAR) |
| SIOPA EISCHEADÚNAIS |
| SIOPA PEATAÍ |
| TRÁDSTÓRAS MIONDÍOLA |
| TÍLEANNA |
| SIOPA BRÉAGÁN |
| |
| **Poirt agus Eitlíocht** |
| IOSTA BREOSLA EITLÍOCHTA, - |
| AERFORT, CRÍOCHFORT |
| |
| **Miondíol Bunriachtanach (gan ollmhargaí a áireamh)** |
| BÚISTÉIR |
| BÚISTÉIRÍ / CEANNAITHE ÉISC |
| SIOPA BIA EITNIGH |
| SIOPA BIA EITNIGH, BÚISTÉIR |

| |
|---|
| SIOPA BIA EITNIGH, SIOPA EISCHEADÚNAIS |
| GRÓSAEIR GLASRAÍ |
| SIOPA BIANNA SLÁINTE |
| BIALANN INDIACH BEIR LEAT |
| SIOPA NUACHTÁN |
| SIOPA EISCHEADÚNAIS |
| SIOPA EISCHEADÚNAIS, SIOPA NUACHTÁN |
| CÓGASLANN |
| SIOPA GUTHÁN |
| OIFIG AN PHOIST |
| OIFIG AN PHOIST, SIOPA NUACHTÁN |
| RADHARCEOLAÍ |
| Ollmhargaí níos lú ná 500M2 (Ollmhargadh i gCatagóir 1) |
| BIALANN BEIR LEAT |
| |
| **Sláinte** |
| CLINIC |
| IONAD CÚRAIM LAE |
| CEARDLANN FIACLÓIREACHTA |
| IONAD SLÁINTE / FEIRM |
| OSPIDÉAL |
| IONAD / CLINIC LEIGHIS |
| TEACH ALTRANAIS |
| LIALANN (DOCHTÚIR) |
| LIALANN (RADHARCEOLAÍ) |
| LIALANN (EILE) |
| LIALANN (FISITEIRIPEOIR) |
| |
| **Garáistí** |
| GARÁISTE MÓTARBHEALAIGH,- |
| GARÁISTE |
| NITEOIR GLUAISTEÁN |
| |
| **Cúram pearsanta** |
| BEARBÓIR |
| SIOPA BIA EITNIGH, SIOPA GRUAGAIREACHTA |
| SIOPA GRUAGAIREACHTA |
| SIOPA TATÚNNA |
| OIFIG (TEACH), SCIAMHLANN / SUATHAIREACHT |
| |
| **ILGHNÉITHEACH** |

…..

| |
|---|
| CARRCHLÓS (ILSTÓRACH) |
| CARRCHLÓS (OIFIG) |
| CARRCHLÓS (OIFIG), CLÓS (NEAMHSPLEÁCH) |
| CARRCHLÓS (EILE) |
| CARRCHLÓS (MIONDÍOL) |
| CARRCHLÓS (DROMCHLA) |
| |
| **OIFIG** |
| CARRCHLÓS |
| |
| **Catagóirí Ilghnéitheacha Eile** |
| TEACH, IONAD CÚRAIM LAE |
| NAÍOLANN |

**Aguisín D,**
**Ciorclán**
**Airgeadais 1/2021**
**Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála don Chéad Ráithe in 2021**

**Catagóirí agus Úsáidí Luachála a Fhágtar as an Áireamh ó Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála Trí Mhí Ráithe 1 2021**

**Is féidir le híocóirí rátaí i gcatagóirí a eisiatar teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla leis an tionchar tromchúiseach a d'imir srianta COVID 19 orthu a thaispeáint**

| |
|---|
| SEIRBHÍS PHOIBLÍ* |
| RÉADMHAOIN FHOLAMH (fágtar an réadmhaoin fholamh go léir as an áireamh ón tarscaoileadh, gan eisceacht, faoi mar a bhíonn i gceist de ghnáth maidir le rátaí, agus níl aon eisceacht ann)* |
| ***Ní cheadaítear an tarscaoileadh a achomharc agus a chur i bhfeidhm ar réadmhaoin seirbhíse poiblí ná ar réadmhaoin fholamh faoin gciorclán seo.** |
| |
| **LIOSTA LUACHÁLA LÁRNACH** |
| LÍONRAÍ FÓNTAS DOMHANDA ATÁ AR AN LIOSTA LUACHÁLA LÁRNACH |
| |
| **FÁILTEACHAS** |
| IONAD D'IARRTHÓIRÍ TEARMAINN |
| |
| **BREOSLA/IOSTA** |
| OLA/IOSTA BREOSLA |
| |
| **ÚSÁIDÍ TIONSCLAÍOCHA (gach fochatagóir)** |
| A. I. STÁISIÚN |
| SEAMLAS |
| IONAD ASFAILT |
| BÁCÚS |
| GRÚDLANN |
| BULCSTÓRAS |
| IOSTA BUSANNA |
| FUARSTÓRAS |
| OIBREACHA COINCRÉITE |
| IONAD SONRAÍ |
| IONAD DÁILTE |
| MONARCHA (IASC) |
| MONARCHA (CÓGAISÍOCHT) |

…..

| |
|---|
| MONARCHA (EILE) |
| MONARCHA, BÁCÚS |
| MONARCHA (STROIGHIN) |
| MONARCHA (RÍOMHAIRÍ) |
| MONARCHA, STÓRAS FUARAITHEORA |
| MONARCHA (FEOIL) |
| MONARCHA (BAINNE) |
| MONARCHA, OIFIG |
| MONARCHA, OIBREACHA CLÓDÓIREACHTA |
| ULLMHÚ BIA |
| GARÁISTE |
| STÁISIÚN GINTE |
| STÓRAS GRÁIN |
| HAINGEAR |
| GORLANN |
| SAOTHARLANN |
| NÍOCHÁN |
| MARGLANN BHEOSTOIC |
| OIFIG |
| IONAD/EILE - UMAIR |
| OIBREACHA CLÓDÓIREACHTA |
| MUILEANN PRÓNTAIR / MUILEANN PLÚIR |
| STÁISIÚN CAIDÉALAITHE |
| MUILEANN SÁBHADÓIREACHTA |
| FOIRGNEAMH SLÁNDÁLA |
| SEOMRA TAISPEÁNTAIS (TIONSCLAÍOCH) |
| OIFIG SÓRTÁLA |
| STÓRAS |
| IONAD TÁSTÁLA FEITHICLÍ |
| TRÁDSTÓRAS |
| TRÁDSTÓRAS, ÍOC IS IOMPAIR |
| CEARDLANN |
| CLÓS (NEAMHSPLEÁCH) |
| |
| **ILGHNÉITHEACH** |
| STÁISIÚN FÓGRAÍOCHTA |
| STÁISIÚN CRAOLACHÁIN,- |
| REILIG NÓ CRÉAMATÓIRIAM |
| COLÁISTE |
| COLÁISTE, FAICHÍ SPÓIRT |
| STÁISIÚN DÓITEÁIN |

| |
|---|
| TEACH TÓRRAIMH |
| LOISCEOIR, STÁISIÚN GINTE |
| CRÓITE MADRAÍ |
| CRANN / AERÓG |
| ÁIT ADHARTHA |
| ÁIS PHOIBLÍ |
| BOSCA POIST |
| IONAD ATHCHÚRSÁLA |
| SCOIL |
| UMAR, CLÓS |
| CRÍOCHFORT |
| DOLAÍ |
| IONAD OILIÚNA |
| |
| **MIONDÍOL (SIOPAÍ)** |
| BANC |
| CUMANN FOIRGNÍOCHTA |
| CHOMHAR CREIDMHEASA |
| SIOPA ILRANNACH*<br>***Déantar réadmhaoin sa chatagóir “Siopa Ilrannach” a oibríonn go páirteach nó go hiomlán mar ollmhargadh, nó a dhíolann bia agus grósaeirí A FHÁGÁIL AS AN ÁIREAMH má tá an t-achar urláir a oibrítear mar ollmhargadh nó ina ndíoltar bia agus/nó grósaeirí 50% nó níos mó den achar urláir iomlán.** |
| Ollmhargaí níos mó ná 500M2 (Catagóirí Ollmhargadh 2 agus Ollmhargadh 3) |
| **Miondíol (Trádstóras)** |
| OLLSIOPA DÉAN FÉIN É |
| |
| **MIANRAÍ (gach catagóir)** |
| LÁITHREÁIN LÍONADH TALÚN, - |
| MIANACH |
| CAIRÉAL, - |
| |
| **OIFIG** |
| |
| CHOMHAR CREIDMHEASA |
| OIFIG (GACH RÉADMHAOIN A ÚSÁIDEANN OIFIG) |
| OIFIG (TEACH), OIFIG (AMBASÁID) |
| |
| **FÓNTAS** |
| STÁISIÚIN ROTHAR |
| SCÁTHLÁN BUS |

| |
|---|
| BUSÁRAS |
| OIBREACHA CÓIREÁLA EISILTIGH |
| GRÉASÁN (LUAS) |
| GRÉASÁN (CÁBLA) |
| GRÉASÁN (UISCE STOIRME) |
| GRÉASÁN (UISCE) |
| PÍBLÍNE |
| PORT |
| STÁISIÚN CAIDÉALAITHE |
| SCÁTHLÁN TACSAITHE |
| GUTHÁN (BOTH) |
| FEIRMEACHA GAOITHE |

…..